
# Sábháilteacht Feirme le linn Breith Lao

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

**Ná déantar timpiste mharfach de rud atá in ainm is a bheith ina ócáid shona d'fheirmeoir agus do bhó (bearach) araon. Is féidir iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag ionsaí bó/bearaí, agus ní mór duit bearta cuí a dhéanamh chun tú féin a chosaint ó eachtraí den chineál seo sula dtosaíonn ba ag breith laonna ar d'fheirm. Ba iad ba le laonna ba chúis le beagnach tríú cuid (32%) de na básanna a bhaineann le beostoc a tharlaíonn ar an bhfeirm, agus tá beagnach 50% de ghortuithe feirme neamh-mharfacha anois mar thoradh ar láimhsiú beostoic.**




**Foinse** HSA 2022

**Is iad ionsaithe ó bha/bhearacha atá díreach i ndiaidh laonna a bhreith is mó is cúis le básanna a bhaineann le beostoc. Sula dtéann tú isteach in aon chró breithe lao, aimsigh i gcónaí an bealach éalaithe is fearr atá agat ar fhaitíos go ndéanfaí ionsaí ort.**

- ACoinnigh geata láidir i gcónaí idir tú féin agus bó/bearach atá díreach i ndiaidh lao a bhreith, go háirithe nuair atá tú ag láimhsiú nó ag cóireáil an lao nó á baint dá máthair. Ná cas do dhroim ar an mbó/mbearach agus tú ag láimhsiú an lao nuabheirthe, mar is féidir leis an mbó tú a ionsaí agus gortaithe tromchúiseacha nó marfacha a fhágáil ort.
- Bíodh bata i do lámh agat i gcónaí agus tú ag dul ag dul isteach i gcró chun cabhrú leat smacht a choinneáil ar bha/bhearacha agus bí san airdeall ar an mbaol go bhfaighfí bascadh mar gheall ar bhó neamhionsaitheach.
- Bíodh guthán póca lánluchtaithe agat i gcónaí le húsáid i gcás éigeandála, ach bíodh an clingthon íseal air ionas nach gcuirfeadh sé líonrith sa bheostoc.

# Sábháilteacht Feirme le linn Breith Lao

## Cróite Breithe Lao

Am imníoch is ea é am breithe lao. Tá saoráidí maithe breithe lao, cróite breithe lao sásúla, geataí breithe lao, coinníollacha neamhsciorracha faoi do chosa, agus easair úr ar fad riachtanach. Tá sé tábhachtach go bhfuil cróite breithe dea-dheartha agat is go bhfuil siad suite in aice na saoráidí a bhfuil na ba istigh iontu. Ní mór go mbeifear in ann dul isteach agus amach as na cróite seo go saoráideach, go díreach nó trí chaolbhealaí a úsáid a bhfuil ballaí nó geataí timpeall orthu. Ba chóir do na geataí breithe abheith suite ag tosach an chró.

### Luaitear an méid seo a leanas i sonraíochtaí 147 i gcomhair pionnaí breithe laonna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara:

Is féidir le cróite breithe a bheith roinnte ag bacainní nó ag geataí. Moltar gur chóir ar a laghad cró breithe amháin a chur ar fáil go gach 15-20 bó. Beidh rochtain ar gheata breithe laistigh den chró i ngach cró breithe lao. Moltar go láidir go suiteálfar geata breithe ar leithligh i ngach cró breithe, ach, beidh ar a laghad geata breithe amháin idir gach dhá chró breithe. I gcásanna ina bhfuil geata breithe á roinnte idir dhá chró, cuirfear córas ar fáil chun an bhó agus an lao atá sa chró eile a shrianadh agus an geata breithe in úsáid. Beidh an geata breithe i gcomhréir le Sonraíocht S.138 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar www.gov.ie/TAMS. Téigh go dtí TAMS - sonraíochtaí tógála agus struchtúr feirme.

## Cróite Breithe Lao Grúpa

Má tá Cróite Breithe Grúpa in úsáid, tá sé tábhachtach go gcoinnítear na ba i ngrúpaí atá éasca a bhainistiú. Ba chóir go mbeadh cró breithe aonair in aice le gach cró grúpa. Ba chóir, chomh maith, go mbeadh limistéir shábháilte mar chuid de gach cró grúpa (limistéir ina bhfuil bacainní atá cosanta ar bheostoc) laistigh den chró féin ionas go mbeadh cosaint ann má thugtar comharthaí ionsaitheachta faoi deara nó má dhéantar ionsaí. Is féidir go gcabhróidh beathadáin fáinne atá curtha laistigh den chró le tuí nó féar leis an gcró a fhoroinnt agus chun cosaint a chur ar fáil.

## Trealamh

Cé go bhfuil uainiú tábhachtach i gcásanna den chineál seo, ísleofar an riosca d'eachtra contúirteach agus do strus le linn séasúr breithe lao má tá an trealamh ceart in aice láimhe (seac breithe, téada, srl.) agus má dhéantar pleanáil roimhe réidh.

## Bain úsáid as saoráidí breithe i gcónaí

Tá sé tábhachtach an t-am a thógáil chun na ba a aistriú isteach sna cróite breithe sula gcabhraíonn tú leo. Ní mór cásanna a sheachaint ina bhfuil saoráidí breithe ar fheirm ach nach n-úsáidtear iad mar gheall ar an am agus an iarracht a bhaineann le ba a aistriú isteach i gcróite. Is fiú an t-am seo a ghlacadh mar go mbeidh níos lú struis ar na hainmhithe agus iad gaibhnithe mar seo agus beidh an tasc níos éasca, níos sábháilte, agus beidh bainistíocht níos fearr air.

## Laonna a chlibeáil go sábháilte

Is féidir go mbainfeadh contúirt ar leith leis an lao a chlibeáil nó a chóireáil mar is iondúil go ndéanann an lao scread ansin, rud a bhféadfadh ionsaí bó a bheith mar thoradh air. Is fearr lao a chlibeáil nó a chóireáil i dtimpeallacht rialaithe, amhail bothán le háiseanna maithe geataithe ann. Bíodh bacainn mhaith fhisiciúil agat i gcónaí .i. geata láidir idir tú féin agus an bhó chun cosaint a thabhairt duit má dhéanann sí ionsaí. Nó glas cinn a chur uirthi lena srianadh, le nach féidir léi ionsaí a dhéanamh.


Cuimhnigh go bhfanfadh an bhó cosantach go ceann tréimhse réasúnta fhada, mar sin, smaoinigh i gcónaí conas a chosnóidh tú tú féin i gcás ionsaí.

**!** Ná clibeáil lao agus bó gan srian sa chró

## Ceamaraí breithe lao

Is féidir le ceamaraí breithe lao a bheith úsáideach chun na contúirtí a bhaineann le breith laonna a laghdú ionas gur féidir leat monatóireacht chianda a dhéanamh agus an t-ualach oibre agus an tuirse a bhaineann leis an maoirseacht 24 uair a dhéantar roimh bhreith lao á éascú. Is féidir le ceamaraí cabhrú le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíocht nádúrtha na breithe, go háirithe i gcás bearacha. Le beathú tráthnóna nó oíche, is féidir líon na mbreitheanna oíche a laghdú, cé nach gcuirfeadh sé deireadh leo ar fad.

I gcás breitheanna laistigh, tá soilsiú maith riachtanach ar mhaithe le sábháilteacht agus éifeachtúlacht agus tú ag déileáil leis an mbreith. Moltar leibhéal soilsithe íosta de 100 lucsa.



# Sábháilteacht Feirme le linn Breith Lao

## Sláinte feirmeoirí

FIs féidir le tuirse a bheith ina fhachtóir suntasach i dtaca le sábháilteacht, toisc go gcuireann sé as do bhreithiúnas stuama, go háirithe má tá idirghabháil de dhíth le linn breithe. Bí ullamh, mar sin, bíodh sos maith faighte agat roimh ré go háirithe sna seachtainí roimh an tréimhse bhreithe. Coinnigh súil ar do leibhéil tuirse, ith go maith agus ól an-chuid uisce chun tú féin a choinneáil hiodráitithe agus san airdeall. Má tá deacracht ar leith ag baint leis an tréimhse bhreithe, cuimhnigh ar chabhair bhreise a fháil, rud a bheadh i bhfad Éireann níos neamhchostasaí ná gortú tromchúiseach.

Chomh maith leis sin, bí san airdeall ar ghalair zónóiseacha, rudaí ar féidir le feirmeoirí agus a dtréidlianna a tholgadh le linn breithe lao. Caith lámhainní go gualainn agus éadaí agus buataisí in-nite. Bíodh saoráidí níocháin cuí agat chun an baol galair thógálaigh a íoslaghdú.

## Iarr cabhair

In ainneoin do thréaniarrachtaí, seans go mbeidh deacrachtaí agat leis an mbreith (m.sh. lao rómhór, breith tóna lao, lao marbh nó míchumtha, cúpla i bhfostú a chéile, broinn chasta, síleadh bréan nó fola). Má tá tú in amhras, iarr cabhair nó déan teagmháil le do thréidlia chun comhairle a fháil.

Féach an nasc thíos don ghearrthóg físe *'Láimhsiú Sábháilte le linn Breith Lao.'*
http://vimeo.com/29718558

Tá tuilleadh faisnéise faoi Rioscaí Sábháilteachta Feirme agus réamhchúraimí ar fáil sa *Chód Cleachtais chun Gortú agus Drochshláinte Cheirde a Chosc sa Talmhaíocht arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta*.

Tá ábhar úsáideach eile a bhaineann leis an réimse seo foilsithe ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe dar teideal
*Bileog Faisnéise 2 an HSE - Zónóisí Coitianta i dTalmhaíocht*.

*S. 138 Sonraíocht Íosta maidir le Geataí Breithe Laonna agus Gabhlaigh Shoghluaiste Eallaigh*.

*S147 Sonraíochtaí Íosta do Chróite Breithe, Cróite Dealaithe, agus Boscaí Leithlise*.



# Sábháilteacht Feirme le linn Breith Lao




Chun tuilleadh faisnéise a fháil:
Féach **www.hsa.ie/farmsafety**

BeSMART.ie

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority